Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar:

LÍON NA nDALTAÍ i RANGANNA i gCÁS DALTAÍ i mBLIAIN 1 GO 4 (BUNCHÉIM AGUS EOCHAIRCHÉIM 1)

Uimhir Chiorcláin:
2011/01

Dáta Eisiúna:
1 Feabhra 2011

Sprioclucht:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach bunscoil dheontaschúnta
- Boird Oideachais agus Leabharlainne; agus
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil.

Achoimre ar ábhar:

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna sa Chiorclán seo go bhfuil freagracht reachtúil orthu a chinntiú nach sáraíonn líon na ndaltaí i ranganna do dhaltaí i mBliain 1-4 30 dalta.

Fiosrúcháin:

Cuirtear aon fhiosrúchán faoi ábhar an Chiorcláin seo chuig:

Helen McConkey
Curriculum Support Team
Department of Education
Rathgael House
Rathgael
Balloo Road
BANGOR
BT19 7PR

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle

Doiciméid Ghaolmhara:
Ceann ar bith

Doiciméid chealaithe:
Ceann ar bith

Dáta Éaga:
Ní bhaineann

Suíomh Gréasáin RO:
http://www.deni.gov.uk

Guthán: 02891 279753
Facs: 02891 279100
Ríomhphost:helen.mcconkey@deni.gov.uk

1. Léiríodh i gcleachtadh monatóireachta a rinneadh ar na mallaibh maidir le líon daltaí i ranganna sa Bhunchéim agus in Eochairchéim 1 go raibh an líon daltaí a bhí i ranganna i líon beag scoileanna ag sárú an líon daltaí is airde atá ceadaithe go reachtúil sa Bhunchéim agus in Eochairchéim 1.

2 Is é is cúis leis an chiorclán seo, mar sin, a chur i gcuimhne do scoileanna go bhfuil freagracht reachtúil orthu faoi Airteagal16 (2) d' Ord Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998 (Ord 1998) agus faoi rialachán 4 de na Rialacháin um Líon Daltaí i Ranganna i mBunscoileanna (Tuaisceart Éireann) 2000 gan ligean do líon na ndaltaí i ranganna i mBliain 1-4 (ie Bunchéim agus Eochairchéim 1) uasmhéid de 30 a shárú. Ba chóir do scoileanna tabhairt dá n-aire go mbaineann an teorainn seo chomh maith, faoi Airteagal 16 (3) (b) d'Ord 1998, le haon rang cumaisc ina bhfuil an mhórchuid de na páistí sa Bhunchéim nó in Eochairchéim 1.

3 Faoi na socruithe atá ann maidir le Bainistiú Áitiúil Scoileanna, is faoi Bhoird Ghobharnóirí agus faoi Phríomhoidí scoileanna atá sé pleanáil a dhéanamh agus acmhainní a úsáid ar an dóigh is éifeachtaí is féidir de réir a riachtanais agus a dtosaíochtaí féin lena n-airítear leibhéil foirne a shocrú.

4 Más léir go sáróidh an líon daltaí atá i rang an teorainn reachtúil 30 dalta atá ann, agus más í tuairim na scoile nach féidir léi plé leis seo trína buiséad BÁS, is féidir leis an scoil iarratas a dhéanamh ar an Bhord Oideachais agus Leabharlainne, nó i gcás Scoil faoi Chothabháil trí CSCC ar an Bhord Oideachais agus Leabharlainne cuí, le haghaidh maoiniú breise le go gcomhlíonfaidh sí a dualgas reachtúil. Eisíonn an Roinn litir mheabhrúcháin gach bliain i Mí Feabhra chuig gach bunscoil lena chur in iúl dóibh go bhfuil sé riachtanach iarratais dá leithéidí a chur faoi bhráid a mBord.

5 Ceadaítear eisceachtaí maidir leis an teorainn reachtúil trí Airteagal 16 (4) d'Ord 1998 a fhorálann gur féidir le scoileanna í a shárú sna cásanna nó sna cúinsí siúd ina n-ordaíonn na Boird Oideachais agus Leabharlainne é. Forálann Rialachán 5 de na Rialacháin um Líon na nDaltaí i mBunscoileanna (Tuaisceart Éireann) 2000 nach mór do Bhord aird a thabhairt ar roinnt ábhar atá leagtha síos agus cumhacht á feidhmiú aige maidir le treoir a eisiúint. Baineann siad seo le: treoir a thugann binse achomhairc ar iontrálacha; treoir ó bhord faoi leanbh a ligint isteach i scoil sainithe;ordú freastal scoile; ráiteas riachtanas speisialta oideachais; agus an riachtanas atá ann caiteachas poiblí míréasúnta a sheachaint. Níor chóir do scoileanna an teorainn reachtúil de 30 dalta a shárú ach amháin más rud é go bhfaigheann siad an treoir chuí óna mBord Oideachais agus Leabharlainne.

6 Is iad seo a leanas sonraí teagmhála na ndaoine cuí laistigh de na Boird Oideachais agus Leabharlainne agus de CSCC:

BOLB
Angela Evans 028 9056 4397 angel.evans@belb.co.uk

BOLI
John Campbell 028 8241 1411 john.campbell@welbni.org

BOLOT		
Jayne Millar	028 2566 2391	jayne.millar@neelb.org.uk
BOLOD		
Robert Hunter	028 9056 6200	robert.hunter@seelb.org.uk
BOLD		
Mairead Maguire	028 3751 2411	maireadmaguire@selb.org
CSCC		
Terry Murphy	028 90426972	terry.murphy@ccmsschools.com

SHARON LAWLOR
Ceannasaí Fhoireann Tacaíochta an Churaclaim